

FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS
FOLÚNTAS D'OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN AR BHONN SEALADACH
(SAMHAIN 2016 GO MEITHEAMH 2017)

Ba chóir go mbeadh cáilíocht tríú leibhéal nó a comhionann, ardscoilleana riaracháin mar aon le scileanna éifeachta idirphearsanta agus cumarsáide (ó bhéal agus scríofa) ag an té a roghnaítear. Beidh sé/sí dea-eagraithe, le taithí maith ar chomhdú, láidir ar sonraí a ionchur, eolas oibre maith aige/aici ar Excel agus Word. Duine praiticiúil ó thaobh meoin a bheidh ann/inti, le dea-scileanna foirne, a léiríonn tionscnaíocht agus tiomantas, agus beidh sé/sí solúbtha agus inoiriúnaithe do struchtúir a bheidh ag teacht chun cinn.

SCÁLA TUARASTAIL: €24,851 - €47,183

Tá tuilleadh eolais faoin bpost ar fáil ar láithreán gréasáin an Fhorais Taighde ar Oideachas.

Táthar ag súil go ndéanfar na hagallaimh a reachtáil go luath i Mí na Samhna 2016. Iarratais mar aon le litir chumhdaigh agus curaclam vitae agus ainmneacha beirt mholtóirí, **FAOI 5 PM AR 4 SAMHAIN, 2016**

chuig: vacancies@erc.ie

nó sa phost chuig: Folúntais, Foras Taighde ar Oideachas,
Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Áth Cliath 9.

(Cruthóidh iarratas ar ríomhphost uathfhreagra – muna bhfaigheann tú freagra laistigh de 48 uair an chloig déan teagmháil le do thoil leis an FTO)

Foras Taighde ar Oideachas, Coláiste Phádraig, Áth Cliath 9

Oifigeach Feidhmiúcháin – Post sealadach (7 mí)

Tugtar cuireadh d'iarraitais do phost mar Oifigeach Feidhmiúcháin sa bhForas Taighde ar Oideachas.

Bunaíodh an Foras Taighde ar Oideachas beagnach 50 bliain ó shin. Is ann a dhéantar an taighde agus an mheastóireacht ar gach gné agus ag gach leibhéal den oideachas. Tá an Foras gafa freisin le huirlísí measúnaithe a fhorbairt don úsáid ag scoileanna.

I mí Mheán Fómhair 2015, tugadh stádas neamhspleách don Ionad mar chomhlacht reachtúil le bord rialaithe.

Cuideoidh an té a cheapfar le Riarthóir Sinsearach an Ionaid i dtascanna éagsúla, ar a n-áirítear iad seo a leanas:

- Lóistíochtaí tionscnaimh
- Gnóthaí pearsanra ar a n-áirítear taifid na foirne a chothabháil
- Comhlíontacht le rialúcháin d'eagraíochtaí poiblí maidir le rialachas, saoráil faisnéise agus cosaint sonraí
- Soláthar
- Aire a thabhairt do threalamh oifige
- Gnóthaí bainteach le cothabháil an fhoirgnimh
- Dualgais mar fháilteoir

Beidh sé nó sí freagrach freisin as post a bhíonn ag teacht isteach agus ag dul amach agus as an nguthán, ríomhphoist agus fiosrúcháin ar na meáin shóisialta a fhreagairt, agus déanfaidh sé/sí aon tascanna eile bainteach le feidhmiú réidh na hoifige.

Beifear ag súil go gcuirfidh sé/sí cúnaimh ar fáil ar riarachán agus ar lóistíochtaí do thionscnaimh taighde ar a n-áirítear córais chun ábhair tionscnamh a dháileadh chuig agus a fháil ar ais ó scoileanna, socruithe maidir le hobair allamuigh i scoileanna, cumarsáid le scoileanna agus le foireann lán-aimseartha agus páirt-aimseartha an Ionaid.

Ba chóir go mbeadh cáilíocht tríú leibhéal nó a comhionann, ardscoilanna riaracháin mar aon le scileanna éifeachta idirphearsanta agus cumarsáide (ó bhéal agus scríofa) ag an té a roghnaítear. Beidh sé/sí dea-eagraithe, le taithí maith ar chomhadú, láidir ar sonraí a ionchur, eolas oibre maith ar Excel agus Word. Duine praiticiúil ó thaobh meoin a bheidh ann/inti, le dea-scileanna foirne, a léiríonn tionscnaíocht agus tiomantas, agus a bheidh solúbtha agus inoiriúnaithe do struchtúir a bheidh ag teacht chun cinn.

Beidh cumas cumarsáide sa Ghaeilge agus taithí ar a bheith ag obair i dtimpeallacht taighde buntáisteach.

Scála Tuarastail: €24,851 - €47,183 (Oifigeach Feidhmiúcháin) ag pointe atá ar aon dul le polasaí pá reatha an Rialtais.

Iarratais, ar a n-áirítear litir chlúdaigh mar aon le curaclam vitae agus ainmneacha beirt mholtóirí, **faoi 5.00 pm ar an Aoine, 4 Samhain, 2016** to vacancies@erc.ie

Is Fostóir Comhdheiseanna é an Foras Taighde ar Oideachas

Ba chóir d'iarraitasóirí a bheith san airdeall go reachtálfar na hagallaimh chomh luath agus is féidir agus, go hídéalach, ba chóir d'iarraitasóirí a bheith ullamh chun tosú ag obair díreach i ndiaidh an roghnúcháin.